Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12139/26**

**AGRILEG 194**
**PESTICIDE 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 22 Iúil 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D112997/03 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le<br>Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus<br>ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéacuinicile, deiltemheitrine, dóidín, hiodraisíd mhailéach, pionocsaideine agus próitiaconasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D112997/03.

---

Faoi iamh: D112997/03

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/3053 Rev. 1
(POOL/E4/2025/3053/3053R1-EN.docx)
D112997/03
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéacuinicile, deiltemheitrine, dóidín, hiodraisíd mhailéach, pionocsaideine agus próitiaconasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéacuinicile, deiltemheitrine, dóidín, hiodraisíd mhailéach, pionocsaideine agus próitiaconasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substaintí gníomhacha aicéacuinicil, deiltemheitrin, dóidín, hiodraisíd mhailéach, pionocsaidein agus próitiaconasól, socraíodh uasleibhéil iarmhar (‘MRLanna’) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) A mhéid a bhaineann le haicéacuinicil, cuireadh isteach iarratas ina n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh fraochán, mónóg, cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) agus spíonán (iad glas, dearg agus buí) de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. A mhéid a bhaineann le deiltemheitrin, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí), mealbhacán agus mealbhacáin uisce. A mhéid a bhaineann le dóidín, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh ‘fíonchaora’. A mhéid a bhaineann le hiodraisíd mhailéach, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh tráchtearraí ainmhithe. A mhéid a bhaineann le pionocsaidein, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh eorna, cruithneachta agus seagail. A mhéid a bhaineann le próitiaconasól, cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh soiliriac/soilire tornapa agus síolta ráibe, agus cuireadh isteach iarratas eile le haghaidh gairleoige agus cuireadh isteach iarratas eile le haghaidh ‘torthaí póma’, aibreog, silíní, plumaí, ‘guird a bhfuil craiceann inite acu’, ‘guird a bhfuil craiceann do-ite acu’ agus ríse.

(3) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d’ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe uaidh faoi na MRLanna atá beartaithe[2]. Chuir sé na tuairimí sin ar

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh aicéacuinicile i mbarra éagsúla. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025; 23 (12): e9810, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9810.

Modhnú a dhéanamh ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh deiltemheitrine i gcíobhaíonna, mealbhacáin agus mealbhacáin uisce. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026;24 (1): e9818, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.9818.

aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

(4) A mhéid a bhaineann leis na hiarratais sin uile, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí iomchuí chun na MRLanna atá beartaithe le haghaidh na dtráchtearraí faoi mheasúnú a dhíorthú nó a dheimhniú. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna a iarradh a shocrú le haghaidh aicéacuinicile i bhfraocháin, mónóga, cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) agus spíonáin (iad glas, dearg agus buí); le haghaidh deiltemheitrine i gcíobhaíonna (iad glas, dearg, buí), mealbhacán agus mealbhacáin uisce; le haghaidh dóidín i 'bhfíonchaora'; le haghaidh hiodraisíd mhailéach i matánach, saill agus scairteach inite ó mhuca (cé is moite d'aenna agus de dhuáin), i scairteach inite ó bhuaibhigh (cé is moite d'aenna agus de dhuáin), i saill, aenna, duáin agus scairteach inite ó chaoirigh agus ó ghabhair (cé is moite d'aenna agus de dhuáin), i matánach, sall, aenna agus duáin ó éanlaith chlóis (cé is moite d'aenna agus de dhuáin), i scairteach inite ó ainmhithe talún feirme eile (cé is moite d'aenna agus de dhuáin), i mbainne ó chaoirigh agus ó ghabhair, agus uibheacha ó éin; le haghaidh pionocsaideine in eorna, cruithneacht agus seagal; agus le haghaidh próitiaconasóil i soiliriac/soilire tornapa, síolta ráibe, gairleog, 'torthaí póma', aibreoga, silíní, plumaí, 'guird a bhfuil craiceann inite acu', 'guird a bhfuil craiceann do-ite acu' agus rís ag na leibhéil a mholann an tÚdarás. Is iomchuí freisin an fonóta a bhaineann leis an MRL sealadach le haghaidh próitiaconasóil i síolta ráibe a scriosadh.

(5) A mhéid a bhaineann le pionocsaidein, chuir an t-iarratasóir isteach sonraí deimhniúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí i gcás na dtráchtearraí beostoic uile a shainaithin an tÚdarás tar éis athbhreithniú faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus arbh é a bhí mar thoradh orthu socrú MRLanna sealadacha le haghaidh na dtráchtearraí sin.

(6) Rinne an tÚdarás meastóireacht ar na sonraí deimhniúcháin agus d'fhoilsigh sé tuairim réasúnaithe[3] inar tháinig sé ar an gconclúid gur tugadh aghaidh ar na bearnaí sonraí a sainaithníodh i gcás na dtráchtearraí beostoic uile agus go bhféadfaí na MRLanna sealadacha atá ann cheana le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch a dheimhniú. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna atá ann cheana le haghaidh pionocsaideine a choinneáil ar bun agus na fonótaí ábhartha a bhaineann lena gcineál sealadach a scriosadh.

---

Modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh dóidín i bhfíonchaora. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025;23 (11): e9757, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9757.

Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach hiodraisíd mhailéach. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025; 23 (7): e9522, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9522.

Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana in eorna, cruithneacht agus seagal, agus meastóireacht a dhéanamh ar shonraí deimhniúcháin Airteagal 12 maidir le pionocsaidein. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025;23 (11): e9742, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9742.

Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh próitiaconasóil i ngairleog, oinniúin agus seallóidí. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21 (1): e07717, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7717.

Meastóireacht a dhéanamh ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú agus modhnú MRL Airteagal 12 a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhair atá ann cheana le haghaidh próitiaconasóil i soiliriac agus síolta ráibe. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020; 18 (2): e05999, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5999.

Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh próitiaconasóil i mbarra éagsúla. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026;24 (1): e9817, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.9817.

3 Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana in eorna, cruithneacht agus seagal, agus meastóireacht a dhéanamh ar shonraí deimhniúcháin Airteagal 12 maidir le pionocsaidein. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025;23 (11): e9742, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9742.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*